V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10848 – PERMIRA / H&F / ZENDESK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 321/03)

1. An 17 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Permira Holdings Limited ("Permira", Geansaí),

— Hellman & Friedman LLC ("H&F", SAM),

— Zendesk, Inc. ("Zendesk", SAM).

Faigheann Permira agus H&F rialú comhpháirteach ar Zendesk de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Permira a bhíonn ag soláthair seirbhísí bainistíochta infheistíochta do chistí infheistíochta. Tá roinnt cuideachtaí punainne á rialú ag Permira, cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud réimse dlínsí,

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é H&F a dhíríonn ar infheistiú i saincheadúnais ghnó agus a fheidhmíonn mar chomhpháirtí bainistíochta i dtionscail roghnaithe lena n-áirítear bogearraí & teicneolaíocht, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, tomhaltóirí & miondíol, agus seirbhísí gnó eile,

— Is cuideachta bogearraí é Zendesk a sholáthraíonn bogearra "bogearraí mar sheirbhís" bainistíochta caidreamh custaiméirí ("CRM") atá ceaptha chun feabhas a chur ar chaidreamh custaiméirí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10848 – PERMIRA / H&F / ZENDESK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË